2025/539

21.3.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/539 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 18 Márta 2025**

**lena n-údaraítear an Eastóin le beart speisialta a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE rialaítear ceart na ndaoine inchánacha cáin bhreisluacha (CBL) a asbhaint i gcás CBL a mhuirearaítear ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí a úsáideann siad chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe. Tá ceanglas in Airteagal 26(1), pointe (a), den Treoir sin, cuntas a thabhairt ar CBL nuair a úsáidtear sócmhainn ghnó chun críoch príobháideach daoine inchánacha nó a bhfoirne nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críoch eile seachas a ngnó.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1998 ([2]) ón gComhairle, údaraíodh an Eastóin, go dtí an 31 Nollaig 2024, le teorainn 50 % a chur leis an gceart chun CBL a asbhaint maidir le caiteachas ar ghluaisteáin paisinéirí nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó i gcás inar cumhdaíodh leis an gcaiteachas sin ceannach, léasú, fáil laistigh den Chomhphobal nó allmhairiú gluaisteán paisinéirí nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó, mar aon le caiteachas a bhaineann le cothabháil agus deisiú na ngluaisteán sin agus maidir le breosla a cheannach dóibh. D'údaraigh an Cinneadh freisin an Eastóin gan caitheamh le húsáid gluaisteáin paisinéirí chun críoch neamhghnó, ar gluaisteán é a áirítear i sócmhainní gnó duine inchánaigh, mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin, i gcás ina raibh an gluaisteán sin faoi réir teorannú a údaraítear faoi Airteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin ('an beart speisialta').

(3) Trí litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 28 Márta 2024, d'iarr an Eastóin údarú ar an gCoimisiún, i gcomhréir le h Airteagal 395(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2006/112/CE, chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm ('an iarraidh'). Le litir dar dáta an 3 Aibreán 2024, d'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise. Thug an Eastóin freagra an 28 Meitheamh 2024. Le litir dar dáta an 28 Lúnasa 2024, d'iarr an Coimisiún soiléiriú breise, rud a thug an Eastóin le litir a chláraigh an Coimisiún an 24 Meán Fómhair 2024.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh chuig na Ballstáit eile le litir dar dáta an 17 Deireadh Fómhair 2024. Le litir dar dáta an 18 Deireadh Fómhair 2024, thug an Coimisiún fógra don Eastóin go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun breithniú a dhéanamh ar an iarraidh.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1998, chuir an Eastóin tuarascáil isteach, in éineacht leis an iarraidh, inar áiríodh athbhreithniú ar an gcéatadán a leagtar síos le haghaidh an teorannaithe ar an gceart asbhainte CBL dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh Cur Chun Feidhme sin. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil faoi láthair, is é sin taithí iniúchóireachta cánach agus sonraí staidrimh a bhaineann le húsáid phríobháideach gluaisteán paisinéirí, áitíonn an Eastóin go bhfuil bonn cirt fós leis an teorainn 50 % agus go bhfuil sí iomchuí i gcónaí.

(6) I bhfianaise thionchar dearfach an bhirt speisialta, arna údarú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1998, maidir leis an ualach riaracháin ar cháiníocóirí agus ar údaráis chánach trí bhailiú CBL a shimpliú agus cosc a chur ar imghabháil cánach trí thaifid mhíchearta a choimeád, measann an Coimisiún gurb iomchuí an iarraidh a dheonú.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1998 ón gComhairle an 15 Samhain 2021 lena n-údaraítear an Eastóin le beart a chur i bhfeidhm de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 408, 17.11.2021, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1998/oj).

(7) Ba cheart an beart speisialta a theorannú don am is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht na teorann céatadáin. Ba cheart an Eastóin a údarú, dá bhrí sin, leis an mbeart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2027.

(8) Tá an beart speisialta comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, is iad sin an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc, ós rud é go bhfuil sé teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de. Ina theannta sin, ní chruthaítear leis an mbeart speisialta an riosca go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(9) I gcás ina measann an Eastóin gur gá síneadh a chur leis an mbeart speisialta tar éis 2027, ba cheart di iarraidh ar shíneadh a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2027. Ba cheart tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta a bheith ag gabháil leis an iarraidh sin, lena n-áirítear athbhreithniú ar an teorainn chéatadáin a cuireadh i bhfeidhm.

(10) Ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailítear ag céim an tomhaltais deiridh agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraítear ó CBL.

(11) Chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí arna saothrú leis an mbeart speisialta, lena n-áirítear go gcuirfear an beart speisialta i bhfeidhm gan bhriseadh, agus lena soláthraítear deimhneacht dhlíthiúil maidir leis an tréimhse chánach, is iomchuí údarú a dheonú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2025. Ós rud é gur iarr an Eastóin údarú an 28 Márta 2024 chun leanúint den bheart speisialta a chur i bhfeidhm agus go bhfuil an córas dlí a bunaíodh faoina dlí náisiúnta á chur i bhfeidhm ar bhonn Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1998 ón 1 Eanáir 2025, urramaítear ionchais dhlisteanacha na ndaoine lena mbaineann mar is cuí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

De mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE, údaraítear an Eastóin le teorainn 50 % a chur leis an gceart chun an cháin bhreisluacha a asbhaint ar chaiteachas ar ghluaisteáin paisinéirí nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó i gcás ina gcuimsíonn an caiteachas sin ceannach, léasú, fáil laistigh den Chomhphobal nó allmhairiú gluaisteán paisinéirí nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó, chomh maith le caiteachas a bhaineann le cothabháil agus deisiú na ngluaisteán sin agus le breosla a cheannach dóibh.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE, údaraítear an Eastóin gan caitheamh le húsáid gluaisteáin paisinéirí chun críoch neamhghnó a áirítear i sócmhainní gnó duine inchánaigh mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin, i gcás ina raibh an gluaisteán sin faoi réir teorannú a údaraítear faoi Airteagal 1 den Chinneadh seo.

*Airteagal 3*

1. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo ach ar ghluaisteáin paisinéirí nach mó ná 3 500 cileagram a n-uasmheáchan údaraithe agus nach bhfuil níos mó ná ocht suíochán iontu sa bhreis ar shuíochán an tiománaí.

2. Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na catagóirí seo a leanas de ghluaisteáin paisinéirí:

(a) gluaisteáin a cheannaítear lena n-athdhíol, lena bhfruiliú nó lena léasú;

(b) gluaisteáin a úsáidtear chun paisinéirí a iompar ar tháille, seirbhísí tacsaí san áireamh;

(c) gluaisteáin a úsáidtear le haghaidh ceachtanna tiomána.

*Airteagal 4*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a thabharfar fógra faoi.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2027.

3. Aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an údarú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í faoin 31 Márta 2027 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina mbeidh athbhreithniú ar an gcéatadán a leagtar amach in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na hEastóine.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. SZŁAPKA